RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1528 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meitheamh 2021

lena gceartaítear an leagan Sualainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht earraí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht earraí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráidí sa leagan Sualainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 i gCatagóir 1, Roinn 1A005.b; Catagóir 3, Roinn 3B001.a.3, Catagóir 5, Cuid 2, Roinn 5A002.a, Nóta 2, pointe (e) agus Nóta 2 j, 'Nótaí Teicniúla', pointe 1; Catagóir 5, Cuid 2, Roinn 5A003.a agus Catagóir 9, Roinn 9A010.c a dhéanann difear do shainmhínithe na dtáirgí atá i gceist.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Sualainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 134, 29.5.2009, lch. 1.